

**Cruinniú den Choiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta
4 Meitheamh 2019**

**Sampla de Chleachtas an Mhúinteora Tacaíochta don Ghaeilge (MTG) –
ag leibhéal na bunscoile**

Na gníomhaíochtaí foghlama a bhí ar siúl ag múinteoir tacaíochta don Ghaeilge le linn na bliana

- 1. Stáisiún Ghaeilge** – gramadach (ainmfhocail, aidiachtaí, briathra agus mar sin de (d'oibrigh sé seo go hiontach) - Is caint ar fad a bhí i gceist leis na stáisiún Ghaeilge.
- 2. Cluichí le nasc leis an mbrat gníomhach** – Mhúin muid teanga na gcluichí/chuir muid an teanga ar taispeáint ionas go mbeadh na páistí in ann an teanga a úsáid.
- 3. Dúshlán foclóra** – Thug mé 8 bhfocal nua do na páistí gach uile sheachtain ar feadh tréimhse 8 seachtaine - focail nach mbeadh á n-úsáid acu go minic. Bhí teimpléad á úsáid ag na páistí áit a raibh orthu an míniú a fháil, é a úsáid ó bhéal/sa scríobh agus mar sin de. D'oibrigh an cúntóir teanga liom mar go raibh sí sa scoil gach uile lá agus bhí sí ag seiceáil na bhfocal gach uile lá.
- 4. EIPIIC** – Tá EIPIIC in úsáid i scoil amháin agus déanann muid gníomhaíochtaí difriúla bunaithe air mar shampla díospóireacht ar chúrsaí reatha, topaicí a phlé ar nós: an clár "Cutting Edge" ach bunaithe ar ndóigh ar na topaicí ó EIPIIC.
- 5. Cluichí clóis** – MTG (múinteoir tacaíochta don Ghaeilge) ag múineadh cluichí clóis in éineacht leis an gcúntóir teanga go mbeadh na páistí in ann iad a imirt nuair a bhíonn siad leo féin (cén t-am é a mhac tíre/soilse tráchta agus mar sin de).
- 6. Aistear** – téamaí ar nós: siopa na bpeataí, ag siopadóireacht (bia/éadaí), an tréidlia, an fheirm, an tógálaí agus mar sin de. Tá sé seo iontach ach fós go leor forbairt le déanamh air. Tá smaointí nua agam dhó seo don bhliain seo chugainn mar feictear dom go bhfuil an iomarca téamaí bunúsacha á gclúdú. Mar sin, tá mé ag breathnú ar théamaí mar: an t-aerfort, an meicneoir, an siopa cruaearraí agus mar sin de, mar beidh deiseanna níos fearr ann an teanga a leathnú.

<p>7. Díospóireacht - Chuir mé tús leis seo tar éis na Cásca. Tá na páistí ag plé topaicí suimiúla ar nós: an tábhacht a bhaineann le obair baile, fón a bheith ag páistí bunscoile, tábhacht na Gaeilge agus an Bhéarla agus mar sin de.</p>
<p>8. Rólghlacadh/drámaíocht - suíomhanna éagsúla a chur faoi bhráid na bpáistí agus bhí orthu dráma/sceitse a bhunú timpeall air.</p>
<p>9. Nathanna/frásaí nach bhfuil in úsáid sa chaint níos mó - d'úsáid mé úrscéalta leis na frásaí seo a mhúineadh, mar shampla: Bertie Brocach/Dónall Dána/An Cúigear Cróga. Tar éis iad a mhúineadh rinne mé iarracht suíomhanna a chruthú go mbeadh na páistí in ann an teanga nua a úsáid.</p>
<p>10. Comhrá - D'úsáid me réimse leathan bealaí leis na comhráití a dhéanamh. Rinne mé amach comhráití éagsúla bunaithe ar thopaicí a mbeadh suim ag na páistí iontu. Cheap mé go raibh sé tábhachtach díriú ar rudaí a bhíonn ar siúl acu, mar shampla: ag imirt cluichí ar an ríomhaire/idirlín/fón, na scéalta spóirt is deireanaí, an cóineartú, an lá spóirt, an turas scoile. Bhí comhráití déanta amach agam bunaithe ar théamaí ar nós bia agus mar sin de, ach níor oibrigh siad chomh maith leis na comhráití a raibh baint díreach acu le saol na bpáistí.</p>
<p>11. Úrscéalta - Rinne mé réimse leathan oibre ar úrscéalta a raibh saibhreas teanga iontu. Ceann de na rudaí a d'oibrigh go maith ná gur úsáid mé <i>Building Bridges of Understanding</i> mar áis chun straitéisí tuisceana a mhúineadh.</p>
<p>12. Scríbhneoireacht - Chuir muid isteach ar chomórtais scríbhneoireachta Ghaeilge. Spreag sé seo na páistí go hiontach agus rinneadh an obair ar fad ó bhéal ar dtús. Cé gur scríobh a bhí i gceist anseo, is buaicphointe a bhí ann domsa mar ní bhíonn fonn ar na páistí a bheith ag scríobh ach spreag an scríbhneoireacht roinnte iad agus an obair ghrúpa sa scríbhneoireacht.</p>
<p>13. Tomhais/seanfhocail- réimse leathan ar eolas acu anois</p>
<p>14. Rannta leis na naíonáin</p>
<p>15. Dúshláin léitheoireachta</p>
<p>16. Tascanna éisteachta - Ag úsáid scéalta ó Róbó.ie</p>